

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2020

Cineáltas neamhghnách



Caredigrwydd anghyffredin / Unusual kindness

18-25 Mí Eanáir

www.ctbi.org.uk/weekofprayer





Bímid ag cuardach, ach cad é an cineál cuardaigh a dhéanaimid? Conas mar a fhéachaimid orainn féin, nó cén tuiscint atá againn orainn féin, go mór mhór maidir leis an gcaidreamh atá againn le Críost atá beo? Tuigtear gur le guth beag a labhraíonn Dia linn, ach ina theannta sin, labhraíonn linn tríd na daoine agus sna háiteanna is lú a mbeadh coinne again leis. As na háiteanna is sceirdiúla is crua is féidir le cothú agus le háilleacht dhochreidte teacht.

In ainneoin anró an tsaol sa lá atá inniu ann, tagaimid fós ar ghníomhartha cineáltais, grá, maithiúnais, agus fáilte ó áiteanna agus ó dhaoine nach raibh coinne againn lena leithéid uathu. Cosúil le saol an nádúir, tá na háiteanna fós ann ina n-éiríonn le huisce na beatha a shlí a dhéanamh isteach sa phríomhshruth, dathanna agus lúcháir á dtabhairt leis aige isteach i dtodhchaí dóchasach.

Ach ní fheicimid uisce seo na beatha ag sileadh isteach sa phríomhshruth go dtí go dtumaimid sinn féin isteach sa bheocht a bhaineann le gach a gcuireann an bheatha ar fáil. Tugann ár scéal Bíobla dúinn scéal domhain ar eagla dhaonna, ar theacht slán, ar dhóchas, agus ar ghrá. Tabharfaidh sé dúinn cuireadh ár machnamh a dhéanamh ar an bhflúirse a bhaineann le grásta agus le hiomláine Dé, agus beidh sé sin le feiceáil ag an té a stopann agus a fhéachann ar a bhfuil os ár gcomhair amach. Sa chás is deacra, sna háiteanna is sceirdiúla, agus sna daoine is doichealaí, beidh rian de ghrásta Dé i gcónaí ann.

Tugann ábhair na bliana seo den tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí cuireadh dúinn obair Dé a fheiceáil trí mheán na ndaoine agus na n-áiteanna a chuireann cineáltas neamhghnách ar fáil. Níl le déanamh anois againn ach tabhairt faoin gcuardach cuí.

Bob Fyffe, Rúnaí Ginearálta, Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire

Préamhaithe go doimhin sa Bhíobla atá an guí a dhéanaimid ar son na haontachta Críostaí. Guímid ar son na haontachta de bharr gur ghuigh Íosa go mba aon a chuid deisceabal, i dtreo go gcreidfeadh an saol (Eoin 17:20-21). D'impigh Naomh Pól ar na heaglaisí a scríobhadh sé chucu a gcuid aontachta i gCríost a aithint, ainneoin difríochtaí suntasacha a bheith eatarthu (1 Corantaigh 12-27).

Mar le heaglaisí Mhálta de, tá tábhacht ar leith ag an mBíobla ó thaobh an tsaoil a roinneann na heaglaisí éagsúla ann eatarthu, mar gur go Málta ar dtús a tháinig an Soiscéal de réir an chur síos atá le fáil i nGníomhartha na nAspal. Deirtear gur tháinig Naomh Pól agus a raibh ina thimpeall ar chineáltas neamhghnách ó mhuintir na háite ann. Is iomaí sin duine in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór a thug cuairt ar Mhálta ar a laethanta saoire agus a chonaic an áit ina gcreidtear gur thit na heachtraí seo amach. Meabhrúchán é seo dúinn nach spioradáltacht amháin atá i gceist leis an gCríostaíocht, ach creideamh atá préamhaithe in eachtraí ó stair an chine dhaoinna: slánú na daonnachta, agus an cruthú go léir. Is é is toradh leis an aontacht a nguímid ar a son ná aithne Chríost a bheith á scaipeadh ar fud an domhain againn.

I rith na Seachtaine Seo Guí le hAontacht Críostaí, cuireann Gníomhartha 27 agus 28 sinn ag machnamh mar gheall ar ghnéithe éagsúla dár saol féin agus saol ár n-eaglaisí lena bhfuil de chur síos ann ar longbhriseadh Naomh Pól i

Ardeaglais Naomh Pól, Mdina, Málta





Málta. Agus sinn ag díriú isteach ar a chéile, aontacht á lorg againn, aithnímid gur minic a thugaimid bagáiste linn ónár gcúlraí ó thaobh staire, traidisiúin agus tnúthán cultúrtha. Is nithe iad seo a d'fhéadfadh sinn a choimeád siar, iad ag bagairt an ceann is fearr ar fad a fháil orainn. Bíonn an dainséar ann go gcaillfimid an dóchas a ghlaigh ar dtús orainn, agus sa tslí sin, éirimid as a bheith ag lorg an tsolais a bhronnann Críost orainn.

Ba é an dúshlán a bhí ag Naomh Pól do thaistealaithe eile, do mhairnéalaigh, do shaighdiúirí agus phríosúnaigh ná a misneach a choimeád i gcónaí. Ainneoin gach anbhá agus éadóchais, is é an dúshlán a bhíonn romhainn ná ár muinín a chur i nDia, agus glacadh leis go mbeifear ár gcoimeád agus ár n-iompar trasna an uisce. Beidh amanta ann ina mbraithfimid gur briste brúite atáimid, mar dhaoine aonair agus mar eaglaisí, agus ag féachaint siar tuigfear dúinn gurb iad na céadta lorg coise atá timpeall orainn seachas ár gcinn féin, loirg coise na ndaoine go léir a thugann tacaíocht dúinn agus a bhfuil grá acu dúinn.

Tiocfaidh an t-am ina bhfulaingeoimid stoirmeacha a chruthaíomar féin, agus ina mbeidh orainn cineáltas a léiriú os comhair an tsaoil fhuarchúisigh. Is é is brí le cineáltas neamhghnách ná an deartháir agus an deirfiúr a aithint i náire an drochdhuine, agus a bheith ar an eolas gurb iadsan freisin clann Dé. Is é

is brí le cineáltas neamhghnách chomh maith ná a bheith ag tabhairt uait gan a bheith ag smaoineamh ar an gcostas, nó a bheith ag glacadh ó dhaoine eile gan a luach a cheistiú. De réir mar a dhéanaimid ár machnamh ar an aontacht Chríostaí, ag guí ar a son ar feadh an ama, aithnímid an gortú a chruthaíomar, an galar a thógamar, agus an bagáiste is gá dúinn a chaitheamh uainn. Guímid ar son na haontachta Chríostaí mar ionad as ar féidir dul chun cinn sa chreideamh agus sa dóchas go slánófar an domhan agus cruthú.

Don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí i mbliana, is i dteannta eaglaisí Mhálta a bheimid, ag paidreoireacht ina dteannta agus taobh leo agus iad ag lorg na haontachta ar ghuigh Críost ar a son. Tréaslaímid leo gur siar go dtí aimsir na nAspal a shíneann préamhacha Chríostaí Mhálta. Nuair a dhéanfaimid amhlaidh, beimid páirteach i ndráma Naomh Pól, na dtaistealaithe a chuaigh ina theannta, agus na háitritheoirí a bhí ann rompu. Bainfimid amach an aontacht is dual dúinn go léir, agus nuair a dhéanfaimid é sin, aithneoidimid an tábhacht a bhaineann leis na gníomhartha neamhghnácha cineáltais a thugann fianacht do Shoiscéal na síochána agus an athmhuintearais.

Pro-Ardeaglais Naomh Pól, Valletta, Málta



Lá 1

Gníomhartha 27:18-19,21

“An lá dár gcionn bhí an stoirm dár ngreadadh go dona agus thosaigh siad ag caitheamh an lasta thar bord agus an lá ina dhiaidh sin theilg siad trealamh na loinge amach lena lámha féin... Faoin am seo bhí siad tamall fada gan bia a chaitheamh agus d'éirigh Pól ina lár agus dúirt: “Dá mb’áil libh mo chombairlese a ghlacadh, a fheara, agus gan corraí as an gCréit, ní tharlódh an dochar ná an díobháil seo daoibh.”

Sailm 85

Lúcas 18:9-14

Machnamh

Is é is ciall le saol gan ceangal a bheith againn
ná gur baolach i gcónaí
go bhfágfar sinn faoi bhagairt na mara agus na gaoithe.
Faoi léigear gach coir agus stoirme,
an taoide dár stiúradh,
sinn curtha dár gcúrsa,
ag cloí lenár ndóchas,
caithfear chun talún sinn –
go scaoilfimis leis an ngreim a bhíonn againn ar chearta agus ar phribhléid
an duine aonair,
agus ár lámh a leagadh
ar chomhúinéireacht

charraig seo na fírinne.
Scaoilfidh athruithe na talamhchreatha
le scoilteanna úra ámha –
amuigh faoin aer –
agus cabhraíonn a leithéid don bhriseadh agus don chrá croí a bhaineann le deighilt agus le heasontas
lenár n-aontacht a scriosadh.
Ach de réir mar a thiocfaimid ar gach píosa luachmhar,
faoi mar a bheadh raic na mara tagtha i dtír ar chósta i bhfad i gcéin
sábhailte i lámha an té eile,
an bhféadfaimis teacht le chéile arís,
agus athmhúnlú a dhéanamh?
Tiocfaidh pictiúr nua ar an bhfód agus athfhís
athshamhail
athmhuintearas ionainn féin agus lena chéile.
Táimid go léir faoi bhagairt na stoirme,
is cuma an áit ina seasaimid.
Port nó bord na heangaí,
an posta nó an taobh thiar
an bád féin i gcónaí atá ann,
an t-uisce céanna á thaisteal aici.
Idir iomramh agus chailliúint,
tá cinniúint an bháid
ag brath go deimhin
ar cé air

Athmhuintearas

nó cad air
a mbeirimid greim
nó cad leis a scaoilimid uainn.

Paidir

A Dhia an athmhuintearais,
baineann gortú le botún an ama
caitheadh,
agus teithimid,
cúlaimid siar go dtí dúnta
indibhidiúla;
cabhraigh linn scaoileadh
leis an tuiscint bhréagach atá againn
ar cé sinne,
le gach a chuireann srian orainn,
agus ar a leagaimid luach.
Cuir i dtaobh le humhlaíocht agus le
comhbhá sinn,
táimid ag foghlaim i dteannta a
chéile,
ag glacadh uait,
ag maireachtáil Tríot agus Trí do
ghrá. Amen.



Ceisteanna

- Cad iad na rudaí atá tábhachtach agus a gcaithfimid a thabhairt linn ar ár dturas i dteannta a chéile i dtreo na haontachta?
- Cad iad na rudaí a gcaithfimid scaoileadh uainn roimh ár dturas i dtreo na haontachta? Cad iad na dúshláin a bhaineann leis sin?
- Cad iad na rudaí ar mhaith linn go léir a fheiceáil inár bpobal féin? Cad iad na paidreacha a déarfaimis ar son ár bpobail a bheadh cómóna eadrainn?

Téigh agus Déan

(Tabhair cuairt ar ctbi.org.uk/goanddo i gcomhair a thuilleadh sonraí)

Ar scála domhanda: faigh spreagadh ón obair atá déanta ag eaglaisí na Súdáine Theas do bhur dturas i dtreo na haontachta.

Ar scála áitiúil: Cén chuma a bheadh ar an gcomhrá idir na heaglaisí i do cheantar maidir leis na fadhbanna a chuireann isteach ar an bpobal ar fad?

Ar scála pearsanta: Lorg athmhuintearas do chaidreamh briste ó do shaol.

Lá 2

Gníomhartha 27:20

“Ar feadh mórán laethanta ní raibh grian ná réalta le feiceáil ach an t-anfa dár ngreadadh go dian agus gan súil ar bith againn go dtiocfaimis slán.”

Sailm 119:105-110

Marcas 4:35-41

Machnamh

AISTRÍÚ

É sin a chreidim

Seachas É siúd.

Caitheann cupán na seirbhe
drochbhlas ar mo chroí istigh.

Ligeann mo shúile síos mé,

Caillim radharc ar an solas,

imíonn mo shaol uaim

agus téann ina stad.

Eagla is toradh ar dtús le

gluaiseachtaí sa doircheacht,
faoiseamh ina dhiaidh sin.

Ní i m'aonar a chaillfear mé,

Ach caillfear sinn go léir.

Nuair a dhiúltófar do stoirm

ghlórach an dóchais,

tréigfear sinn, gan ann an uair sin
ach an chinniúint.



Tagann preabarnach idir mé agus
mo dhaille,
titim i mo lúí,
go dtí gurb É siúd a thagann as an
bpreabarnach,
m'fhíor-Athair róchaoin.

Gafa ina lámha nach mbrisfear
choíche
Agus fós...

Déanadh an stoirm a dhícheall.
Clúdaithe i mbalsam a ghrá,
gheobhaidh mo chroí istigh
athnuachain ó dhóchas an aistrithe.
Ná bíodh ort eagla roimh an ngortú,
is é amhrán an tsaoil é.

Cuardaigh Solas Dé agus cuir in iúl é

Paidir

A Athair, is é Do bhriathar
luachmhar a chaitheann solas ar
ár gcoiscéimeanna,
agus gan tú bheimis gan
treoir, caillte.

A Spioraid Naoimh, múin dúinn
le Do bhriathar conas taisteal a
dhéanamh ar bhealach an
Athar i dteannta a chéile,
ag siúl go mín ar bhóthar
an Chruthaithe.

Go raibh tóir ar Do threoir, Do
shólás, agus Do chumhacht
aistrithe le gach teacht le chéile
a dhéanann Do phobal
eaglaisí éagsúla.

Tabhair dúinn an mhacántacht lena
aithint gur sinne a chaill Do
sholas nó a chuir daoine
eile uaidh.

Tabhair dúinn an grásta le greim a
choimeád Ort, go mbeimis deiseal
agus deonach a bheith ag roinnt
Do sholais lena chéile.

Iarraimid é seo in ainm Do Mhic
Íosa, a ghlaonn ar A lucht
leanúna, le bheith mar sholas sa
saol. Amen.

Ceisteanna

- Cad iad na cásanna ina gcaillimid radharc ar Dhia?
- Ba é an phaidir a bhí againn ná go bhféadfaimis a bheith ag siúl linn go mín ar an gCruthú. Cén fhreagracht atá ormsa agus stoirm seo an athraithe aeráide ar siúl?
- Cén fhreagracht atá orainn mar phobal a bheith ag tabhairt aghaidhe ar cheist an athraithe aeráide?

Téigh agus Déan

(Tabhair cuairt ar ctbi.org.uk/goanddo i gcomhair a thuilleadh sonraí)

Domhanda: Bí gníomhach trí do ghuth féin a chur leis an éileamh atá á dhéanamh go dtabharfaí aghaidh ar an ngéarchéim aeráide.

Áitiúil: An bhfuil bhur gcuid eaglaisí istigh ar dhuais na héicea-eaglaise nó duais an éicea-phobail?

Pearsanta: Ní leor gníomhartha aonair ó thaobh úsáid an charbóin a laghdú ach i dteannta a chéile, bíonn éifeacht acu go léir.



Gníomhartha 27:22,34

“Ar a shon sin impím anois oraibh misneach a bheith agaibh mar ní chaillfear duine ar bith agaibh ach an long ambáin. ... Molaim daoibh dá bhrí sin bhur gcuid a chaitheamb, mar tá bhur slánú ag brath air. Mar ní chaillfear ribe gruaige as ceann aon duine agaibh.”

Machnamh

Múscaíl misneach nuair a chaithfidh stoirmeacha an tsoil ar chósta i bhfad i gcéin gan coinne leis tú.

Múscaíl misneach bain na ballaí cuir fáilte roimh an strainséir bí mar an aois.

Sailm 27

Matha 11:28-30

Múscaíl misneach éist leis an duine eile lorg tuiscint easaontaigh go séimh.

Múscaíl misneach nuair a thagann an bád isteach i dtír ullmhaigh soitheach nua aimsigh bealach eile.

Múscaíl misneach folachánaithe, lucht longbhriste cibé duine atá inár griú gach uile dhuine ar dheic, an cruthú athnua.

Múscail misneach

Paidir

A Dhia na trócaire,
is Chugatsa a chasaimid
nuair a theipeann ar ár misneach,
nuair a imímid ar fán.
Cothaigh ionainn Do dhóchas agus
Do chrógacht.
Bíodh ár n-eaglaisí ar thóir na
haontachta
ar ghuigh Do mhac ar a son oíche na
páise.
Iarraimid é seo Tríd siúd a
mhaireann agus rialaíonn taobh
Leat agus leis an Spiorad
Naomh go deo na ndeor.
Amen.



Ceisteanna

- Cén cur chuige is fearr lena chinntiú nach dteipfidh ar do mhisneach?
- Cad iad na rudaí ba mhaith leat a fheiceáil agus cad iad na rudaí nár mhaith leat a fheiceáil sna heaglaisí i do cheantar amach anseo?
- Conas mar a choimeádfá smacht ar do mhisneach agus ullmhúchán á dhéanamh agat do thuras sa todhcháí?

Téigh agus Déan

(Tabhair cuairt ar ctbi.org.uk/goanddo i gcomhair a thuilleadh sonraí)

Ar scála domhanda: Léigh mar gheall ar aistir scanrúla mhara agus tabhair do thuairim orthu.

Ar scála áitiúil: Cuir fáilte agus féile ar fáil do dhaoine a d'aistrigh go dtí an Ríocht Aontaithe agus go hÉirinn le déanaí.

Ar scála pearsanta: Déan do mhachnamh ar d'aistear féin, agus conas mar a thiocfá-sa i gcabhair ar dhaoine eile atá ar a dturas sa lá atá inniu ann.

Nótaí don tseirbhís adhartha

Gné thábhachtach de shaol Mhálda iad na báid de bharr é a bheith ina náisiúin oileáin. Déantar cur síos i léamh scríoptúir na seirbhíse seo ar an aistear baolach mara a rinne Naomh Pól. Is siombal é an bád freisin den aistear stoirmiúil ar a dtugann na Críostaithe aghaidh agus iad ag dul i dtreo na haontachta. Molann Eaglaisí Críostaí Mhálda go gcuirfí bád nó múnla mór báid sa spás adhartha dá bhrí sin.

Tá deiseanna iontacha do ghníomhartha simplí, fuaimeanna agus ábhar ilmheáin eile sna sliochta ó Ghníomhartha a roghnaíodh le bheith mar chuid lárnach dár seirbhís.

Is annamh páistí i láthair ag ócáidí éacúiméanacha. Deis iontach é seo do gach pobal atá bainteach leis an tseirbhís a bheith ag tabhairt cuirí do scoileanna áitiúla páirt a ghlacadh trí thabhairt faoi thionscnamh ealaíne ina gcruthóidh siad bád nó (taobhanna an bháid) ina bhféadfaidh roinnt de na páistí a bheith ina suí. D'fhéadfaí earraí áirithe loingseoireachta a luaitear sa téacs a chruthú. D'fhéadfad buntáiste eile a bheith ag baint leis seo sa tslí is go mbeadh fáilte á cur roimh pháistí agus roimh chaomhnóirí ag an am céanna.

Nuair a thiocthaid an t-am a luaitear sa sliocht ó Ghníomhartha, d'fhéadfaí fuaimeanna na stoirme a chur leis an bhforogra (liathróidí leadóige a chroitheadh, gliogarnach a bhaint as bileoga scragall stáin, bataí báistí). Tá cur síos sa sliocht léitheoireachta ar go leor earraí éagsúla a bheith á n-úsáid nó á gcaitheamh thar bord, agus á scaoileadh saor: tácla an chaptaein, téada, ancairí, báid sábhailteachta, maidí stiútha, seol tosaigh. Seans gur leor iad a ghearradh amach as cairtchlár, maisithe nó gan a bheith maisithe. D'fhéadfaí feidhm éifeachtach a bhaint as píosaí admhaid agus éadaí leapan chomh maith. D'fhéadfaí fuaim an arbhair á caitheamh isteach sa bhfarraige a athchruthú trí ghráinní rise a dhoirteadh isteach i mbosc. Ná bíodh tionlacan drámatúil an téacs ag dul chun leadráin, ach ligigí do bhur samhlaíocht agus do bhur scileanna cruthaitheacha a bheith ag tabhairt glóire do Dhia. D'fhéadfaí fiseáin YouTube de stoirmeacha ar muir a chur ar siúl ar scáileáin ilmheáin.

Chuipe seo, tá seans gurb é is fearr ná go mbeadh duine aonair ag léamh an tsleachta seo ó Ghníomhartha ó shuíomh dea-shoilsithe amháin, an téacs á chur i láthair ón tús aige nó aici. De bharr a fhaide agus an tsaintearmaíocht loingseoireachta ann, níor mhór an téacs a léamh amach go cúramach, agus b'fhéidir gur fearr é a léamh ó shuíomh éigin cóngarach don bhád. Ní gá aon fhógra a dhéanamh maidir le tagairtí caibidle agus véarsa go dtí an deireadh ar fad nuair a thiocthaid deireadh leis an sliocht léitheoireachta leis na focail “Seo é briathar Dé”. Tabharfaidh sé seo an bhuanseasmhacht agus an rithim atá ag teastáil leis na codanna éagsúla den scríoptúr a choimeád le chéile ainneoin freagraí, sailm, agus iomain a bheith ag trasnaíol orthu srl.

Is féidir ról cheannaireachta agus ról léitheoireachta éagsúla eile a bhaineann leis an tseirbhís a thabhairt d'éagsúlacht ionadaithe Críostaí eile.

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2020

Gníomh Éacúiméineach an Adharta
Ordú Seirbhíse



© Eaglaisí le Chéile an Bhreatain Mhór agus Éire


churches
together
IN BRITAIN AND IRELAND®

An tionól

Iomann tosaigh

For the healing of the nations (Cwm Rhondda)

(Nó aon iomann eile a chuirtear le fonn éigin a bhfuil aithne fhorleathan air agus a mbaineann téamaí an tsleachta Gníomhartha agus an tseirbhís leis mar aonad)

Más mian libh, agus an t-iomann tosaigh á chanadh, d'fhéadfadh ceannairí agus ionadaithe thar ceann na heaglaise teacht isteach san ionad ar mhaithe le seirbhís éacúiméineach an adhartha ar mhaithe leis an aontacht Chríostaí. Beidh siad seo ag leanúint rannpháirtí éigin a mbeidh an Bíobla os comhair cách aige. Leagtar an Bíobla le hómós ansin i lár phobal an adhartha.

Briathra fáilte

Ceannaire Grásta ár dTiarna Íosa Críost,
grá Dé,
agus comaoin an Spioraid Naoimh,
go raibh libh go léir.

Pobal **Agus leat féin.**

Ceannaire A dheirfiúracha agus a dheartháireacha i gCríost, bailímid le chéile le guí a dhéanamh ar son na haontachta Críostaí agus ar son an athmhuintearais ar domhan. Nuair a tharla longbhriseadh do Naomh Pól i Málta, cuireadh fáilte roimhe le cineáltas neamhghnách. Cuirimid sinn féin in aithne dóibh siúd atá timpeall orainn, agus beannaímis dóibh le comhartha na síochána.

Fág dóthain ama le go bhféadfadh gach duine é seo a dhéanamh..

Ceannaire Eaglaisí Chríostaí éagsúla ó Mhálta a d'fhorbair acmhainní

eagrán na bliana seo don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí. Tír bheag í Málta ina bhfuil dhá phríomhoileán ar a maireann daione, Malta agus Gozo, chomh maith le hinsíní eile. I gcroílár na Meánmhara atá Málta, leathshlí idir rinn theas na Sicile agus Tuaisceart na hAfraice. Siar go dtí ré na n-aspal a shíneann stair na Críostaíochta ar an náisiún oileáin seo. Dar leis an traidisiún, is sa bhliain 60CR a bhain Naomh Pól, aspal na nGintlí, cósta Mhálta amach ar dtús. Is sa dá chaibidil dheireanacha de Ghníomhartha na nAspal atá cur síos ar an eachtra chorráitheach cheannródaíoch sin a luíonn i gcroílár ár seirbhíse inniubh.

Ag éisteacht le Briathar Bríomhar Dé

Ceannaire Éistimis go haireach le Briathar Dé. (suíonn cách)
(an ceannaire céanna a bhí ann roimhe seo)

Léitheoir A athair ar neamh, oscail ár gcroí agus ár n-aighe i dtreo do Bhriathair.

Pobal Spiorad agus beatha is ea do bhriathar!

Léitheoir Treoraigh sinn le bheith ag fás níos cóngaraí dá chéile ó thaobh aontachta agus ó thaobh carthanachta.

Pobal Lampa ar ár gcosán is ea do bhriathar!

Léitheoir Sliocht léitheoireachta ó Ghníomhartha na nAspal:

An lá dár gcionn bhí an stoirm dár ngreadadh go dona agus thosaigh siad ag caitheamh an lasta thar bord, agus an lá ina dhiaidh sin theilg siad trealamh na loinge amach lena lámha féin. Ar feadh mórán laethanta ní raibh grian ná réalta le feiceáil ach an t anfa dár ngreadadh go dian agus gan súil ar bith againn go dtiocfaimis slán.

Faoin am seo bhí siad tamall fada gan bia a chaitheamh agus d'éirigh Pól ina lár agus dúirt: “Dá mb’áil libh mo chomhair lese a ghlacadh, a fheara, agus gan corraí as an gCréit, ní thar lódh an dochar ná an díobháil seo daoibh. Ar a shon sin impím anois oraibh misneach a bheith agaibh mar ní chaillfear duine ar bith agaibh ach an long amháin. Mar anocht féin sheas le mo thaobh aingeal ón Dia ar leis mé agus a bhfuilim ag seirbhís dó, agus dúirt sé liom: ‘Ná bíodh eagla ort, a Phóil, mar ní foláir duitse seasamh os comhair Chéasair, agus a bhfuil de dhaoine ag taisteal leat, féach, tá siad bronnta suas ort ag Dia.’ Bíodh misneach agaibh dá bhrí sin, a fheara, mar go gcreidimse i nDia go dtitfidh gach ní amach mar a dúradh liom é, agus go bhfuil i ndán dúinn go gcaithfear i dtír sinn in oileán éigin.”

Gníomhartha 27:18-26

Gairm an Spioraid Naoimh

D'fhéadfadh cantóir na freagraí ar na paidreacha a chanadh, agus an pobal go léir á rá ansin ina dhiaidh. Nó d'fhéadfaí Taizé 'Veni Sancte Spiritus' nó curfá nó ceol eile a sheinnt go séimh de réir mar a labhraítear na focail.

Ceannaire a Spioraid, anáil ghrá Dé, freastail ar an tionól seo, agus mair inár measc.

Pobal **Tar, a Spioraid Naoimh! (nó Veni Sancte Spiritus!)**

Ceannaire a Spioraid, agus a shólasaí, foilsigh do sholas inár ndorchadas.

Pobal **Tar, a Spioraid Naoimh! (nó Veni Sancte Spiritus!)**

Ceannaire a Spioraid, agus a chosantóir, bí mar dhóchas againn nuair a bhraithimid tréigthe.

Pobal **Tar, a Spioraid Naoimh! (nó Veni Sancte Spiritus!)**

Ceannaire a Spioraid, a chúntóir, agus a threoraí, tabhair chun na sábháilteachta síoraí sinn.

Pobal **Tar, a Spioraid Naoimh! (nó Veni Sancte Spiritus!)**

Ceannaire a Spioraid, agus a chomhfhortaitheoir, cuidigh linn idir cneá agus athchóiriú a dhéanamh ar a bhfuil scriosta agus ar a bhfuil cailte againn.

Pobal **Tar, a Spioraid Naoimh! (nó Veni Sancte Spiritus!)**

Léitheoir Nuair a tháinig an ceathrú hoíche dhéag bhíomar fós ag imeacht le gaoth sa Mhuir Aidriad, ach faoi lár na hoíche bhraith na mairnéalaigh go raibh talamh ag druidim leo. Nuair a thomhais siad an doimhneas fuair siad go raibh sé fiche féa; agus nuair a thomhais siad arís tar éis tamaill bhig eile ní raibh sé ach a cúig déag. Agus ar eagla go gcaithfí ar na carraigeacha sinn chuir siad ceithre ancaire amach as deireadh na loinge agus iad ag guí go ngealfadh an lá. Bhí na mairnéalaigh ag faire ar theitheadh as an long agus scaoil siad an bád isteach san fharraige mar dhea go raibh siad chun ancairí a ligean amach as tosach na loinge. Labhair Pól leis an taoiseach céad agus leis na saighdiúirí: “Mura bhfanann siadsan ar bord,” ar seisean, “ní féidir daoibhse teacht slán.” Ansin ghearr na saighdiúirí téada an bháid agus lig di titim isteach san fharraige.

Gníomhartha 27:27-32

Paidreacha maitiúnais agus athmhuintearais

D'fhéadfadh cantóir na freagraí ar na paidreacha a chanadh, agus an pobal go léir á rá ansin ina dhiaidh.

- Ceannaire Maith dúinn, a Thiarna, as fanacht sa dorchadas seachas do sholas a chuardach.
- Pobal** **A Thiarna, bíodh trócaire agat! (nó Kyrie eleison!)**
- Ceannaire Maith dúinn, a Thiarna, nár lorgaíomar doimhneacht do láithreachta i dtraidisiúin Chríostaí eile.
- Pobal** **A Thiarna, bíodh trócaire agat! (nó Kyrie eleison!)**
- Ceannaire Maith dúinn, a Thiarna, na botúin atá déanta againn san am a caitheadh, an mhímhuinín agus na míghníomhartha a thit amach idir Críostaithe ó Eaglaisí agus ó phobail éagsúla.
- Pobal** **A Thiarna, bíodh trócaire agat! (nó Kyrie eleison!)**
- Ceannaire Maith dúinn, a Thiarna, as sinn féin a scaradh amach ón gcuid eile, agus as a bheith ag iarraidh éalú ó phlean Dé dúinn.
- Pobal** **A Thiarna, bíodh trócaire agat! (nó Kyrie eleison!)**
- Ceannaire Maith dúinn, a Thiarna, go raibh easpa creidimh ag baint linn, agus gur theip orainn a bheith mar phobail dóchais agus fíorghrá.
- Pobal** **A Thiarna, bíodh trócaire agat! (nó Kyrie eleison!)**
- Ceannaire Maith dúinn, a Thiarna, as a bheith fuarchúiseach, agus gan fáilte a chur roimh chách, strainséirí agus teifigh go mór mhór.
- Pobal** **A Thiarna, bíodh trócaire agat! (nó Kyrie eleison!)**
- Ceannaire Is grámhar trócaireach é an Thiarna, foighneach agus lán de cheansacht. Óir ní airde neamh os cionn talaimh ná a bhuanghrá don dream lenarb eagal é. Ní faide an t-oirthear ón iarthar ná an fad a chuireann sé ár gcionta uainn.
(Sailm 103:8,11-12).

Pobal

Amen

B'fhéidir nár mhiste a bheith ag canadh anseo arís. Roghnaigh iomann ina bhfaightear téamaí an mhaithiúnais agus an athmhuintearais agus grá éaguimseach Dé, nó iomann a bhaineann leis an gcéad chuid eile de shleachta Ghníomhartha.

Léitheoir

Le breacadh an lae d'iarr Pól orthu go léir bia a chaitheamh. “Tá sibh ar bior le ceithre lá dhéag anois ar troscadh gan greim bia a chaitheamh,” ar seisean. “Molaim daoibh dá bhrí sin bhur gcuid a chaitheamh, mar tá bhur slánú ag brath air. Mar ní chaillfear ribe gruaige as ceann aon duine agaibh.” Tar éis na cainte sin thóg sé bollóg aráin, ghabh sé buíochas le Dia i bhfianaise chách, bhris an t arán agus chrom ar é a ithe. Ghlac siad go léir misneach ansin agus chaith siad béile. Bhí dhá chéad seachtó a sé againn ar fad ar bord na loinge. Nuair a bhí a ndóthain ite acu, thosaigh siad ag caitheamh an arbhair isteach san fharrage d'fhonn an long a éadromú.

Gníomhartha 27:33-38

Cré na nAspal (nó cré oiriúnach eile)

Seasann cách.

Ceannaire

A dheartháireacha, agus a dheirfiúracha, thug Naomh Pól spreagadh dá raibh ar an mbád trí arán a roinnt. Tógaimis ugach ónár greideamh comónta, ag fógairt na bhfocal a bhfuil macalla á bhaint astu san Eaglais ar feadh na gcéadta:

Pobal

**Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talún;
agus in Íosa Críost, a aon mhacsan, ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh;
a d'fhulaing páis faoi Phontius Píoláit,**

a céasadh ar chrois, a fuair bás agus a adhlacadh;
a chuaigh síos go hifreann, a d'éirigh an treas lá ó mhairbh;
a chuaigh suas ar neamh;
atá ina shuí ar dheis Dé, an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus
ar mhairbh.

**Creidim sa Spiorad Naomh, sa Naomh-Eaglais
Chaitliceach,
i gcomaoin na naomh;
i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne, agus sa
bheatha shíoraí.**

Amen.

Suíonn cách.

Léitheoir

Nuair a gheal an lá níor aithin siad an tír ach thug siad faoi deara cuan a raibh trá ann agus chinn siad ar an long a thiomáint i dtír ann dá mb'fhéidir. Más ea, scaoil siad leis na hancairí agus d'fhág iad san fharraige; lena linn sin bhog siad ceangail na stiúrach, chroch an seol mór chun na gaoithe agus thug aghaidh ar an trá. Ach tharla siad ar oitir ghainimh agus chuaigh an long i dtalamh ann. Chuaigh a tosach i bhfostó go docht agus d'fhan ann gan corraí aisti fad a bhí a deireadh á réabadh ina smidiríní le fórsa na dtonnta. Chinn na saighdiúirí ar na príosúnaigh a mharú le heagla go snámhfadh aon duine acu i dtír agus éalú leis. Ach ní cheadódh an taoiseach céad dóibh an beart seo a chur i gcrích mar gur theastaigh uaidh Pól a thabhairt slán. D'ordaigh sé don mhuintir a raibh snámh acu léim isteach san fharraige ar dtús agus dul i dtír agus an chuid eile a leanúint ar chláracha adhmaid agus ar pháosaí de bhruscar na loinge. Tharla ar an gcuma sin go ndeachaigh gach duine i dtír go slán sábháilte.

Gníomhartha 27:39-44

Sailm

Sailm 107:8,19-22, 28-32

D'fhéadfadh cantóir an Salm seo a chanadh, agus tugtar cuireadh don phobal an Freagra a chanadh.

Léitheoir Shábháil an Tiarna sinn ó fhórsa na donnta.

Pobal Shábháil an Tiarna sinn ó fhórsa na donnta.

Léitheoir Bídís buíoch as an Tiarna as a chuid buanghrá,
as na éachtaí iontacha a rinne Sé ar son an chine dhaonna.
Múchánn Sé tart,
agus sásaíonn ocra le nithe maithe an tsaoil.

Pobal Shábháil an Tiarna sinn ó fhórsa na donnta.

Léitheoir Ghearán siad leis an Tiarna ansin ina dtrioblóid dóibh,
agus shabháil Sé óna n-anró iad;
chraol Sé a bhriathar, agus chneasaigh iad,
agus thug ar deireadh ón scrios iad.

Pobal Shábháil an Tiarna sinn ó fhórsa na donnta.

Léitheoir Bídís buíoch as an Tiarna as a chuid buanghrá,
as na héachtaí iontacha a rinne Sé ar son an chine dhaonna.
Tugaidis uathu a n-íobairtí an altaithe,
agus eachtraídís a héachtaí le hamhráin lúcháire.

Pobal Shábháil an Tiarna sinn ó fhórsa na donnta.

Léitheoir Ghearán siad leis an Tiarna ansin ina dtrioblóid dóibh,
agus shabháil Sé óna n-anró iad;
cheansaigh Sé an stoirm,
agus chiúnaigh tonnta na farraige.
Bhí lúcháir ansin orthu mar go raibh síocháin acu,
agus stiúir Sé iad chun an tearmainn a shantaigh siad.

Pobal

Shábháil an Tiarna sinn ó fhórsa na donnta.

Léitheoir

Bídís buíoch as an Tiarna as a chuid buanghrá, as na héachtaí iontacha a rinne Sé ar son an chine dhaonna. Go naofar a ainm i bpobal na ndaoine, agus go moltar é i dtionól na sean.

Pobal

Shábháil an Tiarna sinn ó fhórsa na donnta.

Léitheoir

Nuair a bhíomar slán i dtír fuaireamar amach gurbh é Málda ainm an oileáin. Bhí na hoileánaigh thar a bheith cineálta linn; d'fháiltigh siad romhainn uile agus las siad tine chnámh dúinn mar bhí sé ag bagairt báistí agus é fuar. Bhailigh Pól gabháil broсна agus nuair a chaith sé sa tine é léim nathair nimhe amach leis an teas agus ghreamaigh dá lámh. Nuair a chonaic na hoileánaigh an phiast ag sileadh óna lámh dúirt siad lena chéile: “Is dúnmharfóir an fear sin, ní foláir; bíodh gur tháinig sé slán ón bhfarraige, níl an chinniúint ag leigean a anama leis.” Chroith Pól an phiast uaidh isteach sa tine gan díth ná dochar air. Bhí coinne acu siúd go n atfadh sé nó go dtitfeadh sé marbh láithreach, ach tar éis dóibh bheith ag feitheamh agus ag fáire ar feadh i bhfad agus gan aon ní as an tslí ag imeacht air, tháinig siad ar mhalairt aigne faoi agus dúirt gur dia a bhí ann. I gcomharsanacht na háite sin bhí fearann ag ceann urra an oileáin, fear darbh ainm Puiblias. D'fháiltigh seisean romhainn agus chuir cóir orainn go fial ar feadh trí lá. Tharla go raibh athair Phuiblias ina luí le fiabhras agus an dinnireacht ag cur air. Chuaigh Pól isteach á fheiceáil agus tar éis dó guí a dhéanamh ar a shon, leag sé a lámha air agus leigheas é. Ní túisce a tharla sin ná tháinig chuige gach uile dhuine eile ar an oileán a raibh éagruas orthu agus leigheasadh iad. Is iomaí comhartha ómóis a thug siad dúinn agus nuair a bhíomar ag imeacht chuir siad ar bord chugainn gach a raibh de dhíth orainn.

Gníomhartha 28:1-10

Léitheoir Seo Briathar Dé.

Pobal Buíochas leis an Tiarna a chneasaíonn agus a tharthálann.

Machnamh bíobalta nó homaile beag Paidreacha na ndaoine

Tabharfaidh baill de chuid pobal éagsúl ocht gcinn de mhaidí (nó imlínte de mhaidí) isteach sa tionól leothu de réir mar a deirtear na paidreacha. Beidh focal áirithe ar gach ceann de seacht gcinn de na maidí – Muinín, Buanseasmhacht, Síth, Crógacht, Cineáltas neamhghnách, Claochlú agus Féile – croí le feiceáil ar an ochtú maide. Tugann gach ceann de na maidí isteach leothu ceann éigin de na hachainíochá. Tar éis an maide a ardú os comhair gach aon duine, cuirtear in aice leis an mbád é nó istigh sa bhád féin, nó tugtar do pháiste a choimeádfadh é, agus beidh tréimhse phaidreoirachta chiúin ina dhiaidh sin ann. Fógraíonn léitheoir éigin an achainí a bhaineann leis, agus tugann cách freagra.

Ceannaire Ní féidir aghaidh a thabhairt ar stoirmeacha an tsaoil linn féin. Ní rachaidh an bád chun cinn ach nuair a bhíonn cách ag rámháiocht d’aon bhuille. In aghaidh na ndeacrachtaí seo, aithnímid an gá a bhaineann le tarraingt le chéile agus lenár gcuid iarrachtaí a aontú. Guímis.

Sa chiúnas, tugtar gach maide chun tosaigh, é a ardú os comhair an tsaoil sula léifidh an léitheoir. Cuirtear taobh leis an mbád nó istigh sa bhád é nó tugtar do pháiste é tar éis an fhreagra.

Léitheoir a Dhia an ghrásta, neartaigh ár muinín as do dheonú nuair a thitfidh stoirmeacha an tsaoil sa mhullach orainn.

Pobal Éist lenár bpaidir ar son na Muiníne.

Léitheoir a Dhia an ghrásta, múinn dúinn ár mbóthar a dhíriú ar Chríost, fíorsholas a stiúrfaidh chun cuain go sábhailte.

Pobal **Éist lenár bpaidir ar son na Buanseasmhachta.**

Léitheoir A Dhia an ghrásta, cuir síth i réim mar a mbíodh na scoilteanna pianmhara, agus cuir chomhthoil mar a mbíodh mímhúinín.

Pobal **Éist lenár bpaidir ar son na Síthe.**

Léitheoir A Dhia an ghrásta, tabhair dúinn an chrógacht leis an bhfirinne a labhairt le ceartas agus le grá.

Pobal **Éist lenár bpaidir ar son na Crógachta.**

Léitheoir A Dhia an ghrásta, cabhraigh linn fáilte an chineáltais neamhghnách a chur roimh ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha atá i mbaol nó ar an ngannchuid.

Pobal **Éist lenár bpaidir ar son an chineáltais neamhghnách.**

Léitheoir a Dhia an grásta, athraigh ár gcroí, agus croithe na bpobal Críostaí, le go mbeimis go léir inár ngníomhairí ar son d'íce.

Pobal **Éist lenár bpaidir ar son an Chlaochlaithe.**

Léitheoir a Dhia an ghrásta, oscail ár súil le go bhféachfaimis ar iomlán an chruthaithe mar a bheadh tiolacadh uaitse, agus oscail ár lámh le go roinnfimis a thorthaí go rannpháirtíoch flaithiúil lena chéile.

Pobal **Éist lenár bpaidir ar son ár bhFlaithiúlachta.**

Léitheoir a Dhia an ghrásta, éist anois le paidreacha ár gcroí a deirimid go ciúin nó os ard. (*D'fhéadfadh a bheith ar bhur bpobal leasú a dhéanamh ar an ngné seo den tseirbhís ag brath ar an traidisiún atá agaihbh*)

Fág dóthain ama ag daoine a gcinneadh a dhéanamh faoi cad é ba mhaith leo guí ar a shon, agus an guí a dhéanamh go ciúin an uair sin.

Ceannaire Mar aon in Íosa Críost, guímis anois lenár bhfíorathair róchaoin sna briathra a mhúin Sé féin dúinn.

Pobal Ár n-Athair atá ar neamh,
go naofar d'ainim,
go dtagfadh do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.
Ach ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc,
Amen.

Seoltar amach i dteannta a chéile sinn leis an Dea-Scéal a fhógairt

Ceannaire Mar Chríostaithe a thángamar le chéile,
agus mar chomhdheisceabail fosta dá bhrí sin.
Ag caitheamh dúinn i ndiaidh na haontachta Críostaí,
bíodh againn tiomántas nua
dár sprioc chomónta.

Pobal A Thiarna Dia, táimid buíoch díotsa agus
de do chuireadh isteach ina gcomhlúadar siúd
a bhfuil a muinín acu i gCríost agus a leanann a thoil.
Go neartaí agus go stiúra do Spiorad sinne atá
i mbun do mhisean agus do sheirbhíse ar an talamh.
Ní strainséirí a thuilleadh sinn ach
oilithrigh le chéile ar bhealach Do Ríochta.
Amen.

Fógra Swanwick 1987

(D'fhéadfadh ceannairí na heaglaise agus ionadaithe éagsúla a bheadh i láthair teacht isteach agus Paidir an Bheannaithe á rá.)

Ceannaire An tAthair, Dia, a ghlaoigh ón dorchadas i leith an tsolais sinn, go ndéana sé dínne anois fíoriompróirí sholas Dé.

Pobal Amen.

Ceannaire An Mac, Dia, a shlánaigh sinn trína chuid fola ró-uaisle, go neartaí sé sinn lena dhea-shampla a leanúint ó thaobh freastal a dhéanamh ar dhaoine eile.

Pobal Amen.

Ceannaire An Spiorad Naomh, Dia, Tiarna agus bronntóir na beatha, go neartaí sé sinn le longbhriseadh an tsoil a sheasamh, agus bruacha an tslánaithe a bhaint amach.

Pobal Amen.

Ceannaire An tAthair, an Mac, agus an Spiorad Naomh, Dia trócaireach uilechumhachtach, go gcumhdaí sé agus go mbeannaí sé sinn, anois agus go deo.

Pobal Amen.

**Pobal Le chéile a thugamar faoi, d'fhonn iontaisí ghrá Dé a fhógairt.
Amen! Alleluia! Amen!**

Iomann deiridh

Love is the boat for the journey (tune: Loch Lomond) nó iomann oiriúnach eile a d'fhéadfaí a chur le fonn aitheanta éigin, a bhainfeadh le téamaí na seirbhíse agus a chuirfeadh daoine amach chun grá a thabhairt agus chun seirbhís a dhéanamh don Tiarna.

Is as An Bíobla Naofa a thógtar na hathfritotail scríoptúir anseo istigh, cóipcheart © 1981, arna fhoilsiú ag An Sagart, agus is de chaoinehead a úsaidtear iad. Gach ceart ar cosaint.

Nóta Buíochas

Scribhneoirí CTBI WPCU 2020

Bíonn Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire (CTBI) ag obair i bpáirt le scríbhneoirí éagsúla ó na ceithre náisiún chun an t-ábhar seo a chur faoi bhur mbráid. Tá liosta déanta againn dár gcuid comhghleacaithe a chabhraigh linn an gaisce seo a chur i gcrích sa bhliain seo 2020:

Jenny Bond	-	Eaglaisí le Chéile i Sasana
Anne Clifford	-	Eaglaisí le Chéile i Sasana
Revd Peter Colwell	-	Eaglaisí le Chéile an Bhreatain Mhór agus Éire
Major Alan Dixon	-	Arm an tSlánaithe
Bob Fyffe	-	Eaglaisí le Chéile an Bhreatain Mhór agus Éire
Revd Ruth Harvey	-	Place for Hope
Wendy Lloyd	-	Cúnamh Críostaí
Fr Damian McNeice	-	An Eaglais Chaitliceach Rómhánach
Phillip Mellstrom	-	Eaglais na hAlban
Revd Dr Adrian Morgan	-	Eaglais na Breataine Bige
Dr Siôn Aled Owen	-	Cytûn
Patricia White	-	An Eaglais Bhaisteach



Dátaí

Is iad na dátaí a bhaineann leis an tSeachtain Ghuí don Aontacht Chríostaí de ghnáth ná an 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir (ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanta eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincise go mórmhór, ar dáta tábhachtach é d'aontacht na heaglaise. Déanaigí bhur gcinneadh féin maidir leis seo, ag brath ar cad a oireann go háitiúil. Chuige sin a bhaintear leas as córas an 1-8 seachas dataí ar leith a roghnú. Faoi mar atá, beidh sé ar chumas gach grúpa an t-ábhar a úsáid pé lá is mian leo féin é.

Ordú Seirbhíse

Is féidir an t-ordú seirbhíse a fhaightear i lár an phaimhpléid a tharraingt amach agus a chóipeáil más gá. Is féidir ina theannta sin gach acmhainn a íoslódáil ó shuíomh idirlín an CTBI, agus míle fáilte romhaibh bhur gcuid féin a dhéanamh díbh d'fhonn úsáid áitiúil a bhaint astu. Tugaigí aitheantas le bhur dtoil do Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire, an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí, a sholáthair an t-ábhar.

Falla na hAontachta Chríostaí

Bheimis buíoch dá gcuirfeadh sibh chugainn sonraí agus grianghraif bhur gcuid imeachtaí, maille le paidreacha agus teachtaireachtaí aontachta ar “fhalla” na haontachta Chríostaí de chuid www.weekofprayer.org trína bheith ag tvuíteáil chuig an haischlib #wpcuwall. Beidh na póstálacha le feiscint go huathoibríoch (tar éis cúpla nóiméad nó mar sin).

Creidiúintí grianghrafadóireachta

lth3, 31: Flickr / Tony Hisgett
lth5: Flickr / Paul Stephenson
lth7: Flickr / hobbs_luton
lth39: Flickr / Martin Lopatka

Lá 4

Gníomhartha 27:23-26

“Mar anocht féin sheas le mo thaobh aingeal ón Dia ar leis mé agus a bhfuilim ag seirbhís dó, agus dúirt sé liom: ‘Ná bíodh eagla ort, a Phóil, mar ní foláir duitse seasamh os combhair Chéasair, agus a bhfuil de dhaoine ag taisteal leat, féach, tá siad bronnta suas ort ag Dia.’ Bíodh misneach agaibh dá bhrí sin, a fheara, mar go gcreidimse i nDia go dtitfidh gach ní amach mar a dúradh liom é, agus go bhfuil i ndán dúinn go gcaithfear i dtír sinn in oileán éigin.”

Sailm 56

Lúcas 12.22-34

Machnamh

Faoi ionsaí ó gach taobh mar atáim, bím ag caitheamh i ndiaidh íomhá níos soiléire Díot, a Dhia. Ba mhaith liom go mBeifeá-sa níos cóngaraí ná ariamh, le mo thaobh agus na huafáis seo ag titim amach mórthimpeall orm. Tá an comhrá éirithe garbh, fíochmhar, agus bíonn sé deacair orm éisteacht a thabhairt do nuacht ná do chúrsaí reatha. Is cosúil an drochnuacht a bheith i ngach aon áit, drochíde, cruálacht gan teorainn, deighiltí polaitiúla, agus tonnta fuatha a shleamhnaíonn

isteach in oiread rudaí a bhíonn ar siúl againn. An Leat féin atá tú ag éisteacht?

Cá dtiocfaidh mé ar fhoinsí dóchais? Conas a thiocfaidh mé ar chonair i dtreo an chneasaithe nuair nach bhfuil aon tuiscint agam ar cén chuma a bheadh ar thodhchaí dóchasach? Agus labhraíonn tú mar sin isteach sa spás seo ón taobh thíos. Sciobtar ar siúl mé i ngan fhios dom féin, agus is ar éigean go dtugaimid faoi deara an greim atá agat orm. Ardaíonn Tú mé, díbríonn tú mo chuid amhras go dtí nach bhfágtar de ach breo bog teochta a bhféadfadh a thuilleadh fós teacht as.

‘Ná bíodh eagla oraibh’- is fuirist a rá. Caithfidh mé muinín a chur Ionat arís agus arís eile dá bhrí sin, agus greim a choimeád ar an mbeagán dá bhfeicim. Braithim Tú i m’áice, agus caithim i ndiaidh Do bhriathair ó fadó, briathar atá beo go fóill ionam féin, i do chuid naomh, agus i do Mhac ionchollaithe.

Le sruth
Ar snámh, ar muir,
Gan treo, agus imníoch roimh a
bhfuil i ndán,
a thagaim Chughat, aitheanta ach

Misneach: Ná bíodh eagla ort, creid

gan aithne
A Dhia dothuigthe
Ag tuile agus ag trá
Gan treoir
a thabharfadh chun an tearmainn go
slán mé,
áit ina dtósóinn
ar dhóchas a bheith arís agam
ar mhuinín a bheith arís agam
Ionat agus i ndaoine eile.

Paidir

A Dhia uilechumhachtach,
meallann ár bhfulaingt phearsanta
screadanna tinnis uainn,
agus cúlaimid le heagla nuair a
thagann breoiteacht nó imní
orainn,
nó bás daoine a bhfuil grá againn
dóibh.
Múin dúinn muinín a chur Ionat.

Bíodh na heaglaisí lena mbainimid
ina gcomharthaí do d'aire
dheonach.
Déan dínn fíordheisceabail de chuid
Do Mhic
a mhúin dúinn éisteacht a thabhairt
do Do bhriathar
agus le friotháilt ar a chéile.
Le muinín a iarraidimid é seo in ainm
Do Mhic,
agus i gcumhacht an Spioraid
Naomh. Amen.

Ceisteanna

- Cad iad na híomhánna de Dhia a chothaíonn sinn in am an ghátair?
- Cá bhfuil na háiteanna agus cé hiad na daoine a thugann dóchas duit i leith an ama atá le teact?

Téigh agus Déan

(Tabhair cuairt ar ctbi.org.uk/goanddo i gcomhair a thuilleadh sonraí)

Ar scála domhanda: Faigh spreagadh ó dhaoine a léiríonn teacht aniar a bheith iontu le linn an anfa.

Ar scála áitiúil: Bunaigh grúpa áitiúil ó d'eaglaisí agus ó do phobal, agus bíodh sé mar sprioc agaibh éisteacht níos doimhne a thabhairt dá chéile.

Ar scála pearsanta: Caith am leis na daoine nó san áit is mó a thugann dóchas duit.

Gníomhartha 27:33-36

“Le breacadh an lae d’iarr Pól orthu go léir bia a chaitheamh. “Tá sibh ar bior le ceithre lá dhéag anois ar troscadh gan greim bia a chaitheamh,” ar seisean.

“Molaim daoibh dá bhri sin bhur gcuid a chaitheamh, mar tá bhur slánú ag brath air. Mar ní chaillfear ribe gruaige as ceann aon duine agaibh.” Tar éis na cainte sin thóg sé bollóg aráin, ghabh sé buíochas le Dia i bhfianaise chách, bhris an t-arán agus chrom ar é a ithe. Ghlac siad go léir misneach ansin agus chaith siad béile.”

Sailm 77

Marcas 6:30-44

Machnamh

‘Is gá daoibh bhur gcuid a chaitheamh,
le neart a choinneáil i do chorp’
a impíonn Pól orthu,
an t-arán á bhriseadh,
ag gabháil buíochais,
é i gceannas ar feadh na slí.
Focail fholmha do chuid dóibh,
an chaint seo nach gcaillfear ribe
gruaige
le linn an anfa.
Is breá liom caife,
agus chaill mé mo dhúil ann.
Is breá liom tamall a chaitheamh
ag léamh nuachtán tathagach an
deireadh seachtaine,

ach ní raibh spás i mo cheann dó
róghnóthach a bhí sé
ag próiseáil agus ag prapáil
ag teacht i dtír ar a raibh fágtha
d’fhuinneamh agam,
ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar
chanúil agus línte PICC,
agus ceimiteiripe a chuireann múisc
orm.
Chaillfi gach ribe gruaige ó mo
cheann,
ach thabharfaí slán ón stoirm mé,
b’fhéidir.

Agus nuair nach féidir do ghreim a
chaitheamh,
le neart a choinneáil i do chorp,
mar go gcuireann an ceimiteiripe
múisc ort,
Dé Céadaoin thiar,
plúchadh atá sa chaint seo
go ndéanfar athnuachain ar
d’fhuinneamh
ach fanacht tamall ar an tiarna
go n-ardóidh siad arís a sciatháin
mar an t-iolar
go rithfidh siad agus nach
dtraochfar iad
ach muinín a bheith acu
go n-ardófar lá éigin
an corp briste seo
láidir lúfar
scriosta sceimhlithe.
Cailleadh gach ribe ar mo cheann
ach thabharfaí slán ón storm mé,
b’fhéidir.

Coinnigh neart in bhur gcorp

Agus nuair a fhéachaim siar
ar na deich mbliana ó shin
ní duine amháin a d'fhág lorg a
chos ann
ach na céadta
cairde agus daoine a bhfuil grá
againn dóibh
a thug cuairt, a d'éist, a rinne gol,
a rinne paidir agus a d'iompair
corp Chríost
i mo neartú
Cailleadh gach ribe gruaige a bhí ar
mo cheann
ach sábháladh ón stoirm mé, ar
ámharáí an tsoil.

Paidir

A Dhia,
Bhris Do mhac Íosa Críost a chuid
aráin,
agus roinn a chupán Lena chairde;

bímís níos cóngaraí sa chomaoin dá
chéile
ár dtinneas agus ár bhfulaingt á
roinnt eadrainn.

Téigh agus Déan

(Tabhair cuairt ar ctbi.org.uk/goanddo i gcomhair a thuilleadh sonraí)

Ar scála domhanda: Bí ag obair i dtreo an lae ina mbeidh cúram leighis ar fáil do chách.

Ar scála áitiúil: Eagraigh béile ina dtugann daoine ó eaglaisí éagsúla bia leothu, á roinnt eadraibh i rith bhur gcomhrá faoin tábhacht a bhaineann leis an Eocairist nó leis an gComaoin nó le Séire an Tiarna in bhur bpobail.

Ar scála pearsanta: Tabhair cuairt ar dhuine éigin ar d'aithne nach bhfuil ar fónamh, nó seol cárta chuige, nó cuir glaoch gutháin orthu.

Ceisteanna

- Cad iad na mothúcháin a spreagann an sliocht machnaimh sin thuas ionat?
- An cuimhin leat díomá a bheith ort maidir leis an toradh a bhí le geallúintí an scríoptúir?
- Cén uair is mó a ghortaigh easaontacht chorp Chríost tú?
- Conas mar a chuirtear le cneasú agus le haontacht na gCríostaithe nuair a roinntear corp Chríost eatarthu?

Le spreagadh ó Naomh Pól agus ó na Luath-Chríostaithe, tabhair dúinn an neart le bheith ag tógáil dhroichid an chomhbhá, na síthe agus na rannpháirtíochta.

I gcumhacht an Spioraid Naeimh, a iarraidimid é seo in ainm Do Mhí, a bhronn a Bheatha le go mairfimis. Amen.

Lá 6

Gníomhartha 28:1-2,7

“Nuair a bhíomar slán i dtír fuaireamar amach gurbh é Málta ainm an oileáin. Bhí na boileánaigh thar a bheith cineálta linn; d’fháiltigh siad romhainn uile agus las siad tine chnámh dúinn mar bhí sé ag bagairt báistí agus é fuar ... I gcomharsanacht na háite sin bhí fearann ag ceann urra an oileáin, fear darbh ainm Puiblias. D’fháiltigh seisean romhainn agus chuir cóir orainn go fial ar feadh trí lá.”

Sailm 46

Lúcas 14:12-24



Machnamh

D’oscail mé mo dhoras agus d’fháiltíos roimh úire na héiginnteachta. San anaithne a shuítear ionad na bhféidearthachtaí, agus is gá glacadh léi le lámha loma. Le roinnt eadrainn atá na bronntanais a tugadh dúinn, seachas le brabús a thrádáil lena chéile.

Mé féin agus an strainséir, tugaimid faoin teas a chur in áiteanna fuara, comhbhá a chur sna háiteanna crua, dóchas sna háiteanna dorcha, agus síocháin go doimhin istigh.

Coiglmis an tine i dteannta a chéile, agus cruinnimid chun teasa sula dtabharfaidh an chéad oilithreacht léi, bronntanais dúinn go léir.

Fáilteachas

Paidir

A Dhia an dílleachta, na baintrí agus an strainséara,

cothaigh inár gcroí istigh tuiscint dhoimhin ar an bhfáilteachas.

Nuair a iarrann Tú cothú, éadaí agus comhlúadar,

iad siúd a bhfuil cluasa acu, éistidis, iad siúd a bhfuil súile acu, féachaidis.

Bíodh baint ag ár n-eaglaisí le deireadh a chur le hocras, le tart agus le uaigneas,

agus le deireadh a chur leis na constaicí a chuireann daoine ó dhoras.

Iarraimid é seo in ainm Do Mhic, Íosa,

a shíúilann taobh leis an gcuid is lú dár ndeirfiúracha agus dár ndeartháireacha. Amen.

Ceisteanna

- Roinn scéal faoi thaithe a bhí agat leis an bhfáilteachas ar bhain tú ciall ar leith as.
- Smaoinigh ar am a bhí dúshlánach duitse ach ina raibh ort a bheith fáiltiúil. Cén t-athrú a tháinig ar an tslí ina gcuireann tú fáilte roimh dhaoine dá thoradh? Cén áit a gcaithfidh tú dul leis an míle breise a bhaint amach?
- Cá bhfuil cineáltas neamhghnách feicthe agat i do phobal féin? Cad iad na slite inar féidir leis an eaglais páirt a ghlacadh i léiriú an chineáltais neamhghnách seo a léiriú?

Téigh agus Déan

(Tabhair cuairt ar ctbi.org.uk/goanddo i gcomhair a thuilleadh sonraí)

Ar scála domhanda: Faigh amach mar gheall ar an obair i bpáirt atá déanta ag an Act Alliance agus iad ag dul i ngleic le bochtaineacht agus leis an éagóir ar fud an domhain.

Ar scála áitiúil: Conas mar is féidir linne mar eaglaisí tús a chur le comhrá níos éifeachtaí nó dul níos doimhne isteach sa chomhrá le gutha sa tsochaí atá dúshlánach dúinn féin? Cad is féidir linn a fhoghlaim ó na gutha seo? Pléigí lena chéile.

Ar scála pearsanta: Conas a léireofá cineáltas neamhghnách do dhuine éigin ó do phobal inniu?

Lá 7

Gníomhartha 28:3-6

“Bhailigh Pól gabháil broсна agus nuair a chaith sé sa tine é léim nathair nimhe amach leis an teas agus ghreamaigh dá láimh. Nuair a chonaic na hoileánaigh an phiast ag sileadh óna láimh dúirt siad lena chéile: “Is dúnmharfóir an fear sin, ní foláir; bíodh gur tháinig sé slán ón bhfarraige, níl an chinniúint ag leigeana anama leis.” Chroith Pól an phiast uaidh isteach sa tine gan díth ná dochar air. Bhí coinne acu siúd go n-atfadh sé nó go dtitfeadh sé marbh láithreach, ach tar éis dóibh bheith ag feitheamh agus ag faire ar feadh i bhfad agus gan aon ní as an tslí ag imeacht air, tháinig siad ar mhalairt aigne faoi agus dúirt gur dia a bhí ann.”

Sailm 119:137-144

Matha 18:1-6

Machnamh

Piast!

Gearann na ceannlínte mar bhlúiríocha gloine tríd an gcáil a cáineadh agus an talainn a truaillíodh, ní chloisfear a thuilleadh é.

Na sluaite!

Ainmneacha, scéalta, saolta, brúite isteach in ollshlua anaithnid.

Dímheas ar aireachas, ómós don ardnós.

Cén uair a chasfaimid timpeall agus ár ndeirfúr a fheiceáil i lár an tsaoil gan treo, agus an deartháir faoi náire na péiste?



Aistriú: Ag teacht ar mhalairt aighe

Paidir

A Dhia Uile-Chumhachtach,
is chugatsa a thagaimid, ár gcroí lán
d'aithreachas.

Bain dínn na tuairimí maslacha a
bhíonn againn ar dhaoine eile
agus stiúir na heaglaisí chun fáis sa
chomaoin.

Cuidigh linn ár n-eagla a scaoileadh
uainn,

le go mbeadh tuiscint níos fearr
againn ar a chéile agus ar an
strainséir inár measc,
agus go mbeadh sé de dhánaíocht
ionainn grá a bheith againn dóibh
siúd nár glacadh leo.

Iarraimid é seo in ainm an Té a bhí
naofa fíréan,
Do Mhac díl, Íosa Críost. Amen.



Ceisteanna

- Ar tháinig athrú chun feabhais riamh ar an tuairim a bhí agat ar dhuine éigin? Cén fáth?
- Cén bhaint atá ag d'eaglais le heaglaisí agus le pobail a bhfuil tuiscintí nó cultúir an-éagsúil acu ó thaobh na diagachta de?
- Cé hiad na daoine atá ar imeall bhur bpobail? An bhfuil slí níos fearr ann ina bhféadfadh d'eaglais dul ag plé leo?

Téigh agus Déan

(Tabhair cuairt ar ctbi.org.uk/goanddo i gcomhair a thuilleadh sonraí)

Ar scála domhanda: Faigh spreagadh ó scéalta ón India a bhaineann le hionchuimsiú agus le réamhchlaonadh a shárú.

Ar scála áitiúil: Cén obair a dhéanann d'eaglais le daoine atá ar imeall na sochaí? Faigh amach cén tacaíocht a d'fhéadfaí a thabhairt daoibh le go ndéanfadh sibh níos mó arís.

Ar scála pearsanta: Tabhair faoi thograí éagsúla chun dul i ngleic le réamhchlaonadh nó le heisiamh i do shaol féin agus i do phobal.

Gníomhartha

28:8-10

“Tharla go raibh athair Phuiblias ina lúí le fiabhras agus an dinnireacht ag cur air. Chuaigh Pól isteach á fheiceáil agus tar éis dó guí a dhéanamh ar a shon, leag sé a lámha air agus leigheas é. Ní túsce a tharla sin ná tháinig chuige gach uile dhuine eile ar an oileán a raibh éagruas orthu agus leigheasadh iad. Is iomaí combartha ómóis a thug siad dúinn agus nuair a bhíomar ag imeacht chuir siad ar bord chugainn gach a raibh de dhíth orainn.”

Sailm 103:1-5

Matha 10:7-8

Machnamh

Gabhaim buíochas leis an strainséir

as an bpríhléid glacadh Leat.

Gabhaim buíochas leis an Samárach

a thug orm glacadh le D’aire agus leis an ngrá nár cheap mé a bheith Ionat le tabhairt.

Gabhaim buíochas le Íosa

as mé a thabhairt isteach i Do pháis luachmhar

ag glacadh Do bhochtaineachta mar a bheadh saibhreas níos mó an saol féin

Gabhaim buíochas le gach duine eile a thug dom an oiread sin le tabhairt uaim.



Flaithiúlacht: Ag tabhairt agus ag tógáil

Paidir

a Dhia, a bhronntóir na beatha,
gabhaimid buíochas leat as tabhartas
an ghrá atruaigh,
neartaíonn siad agus tugann
sólás dúinn.

Guímid go mbeadh ár n-eaglaisí
sásta glacadh le Do thabhartais
óna chéile.

Tabhair dúinn an cumas le bheith
flaithiúil le cách
agus sinn ar an mbóthar seo le chéile
ar bhealach na haontachta Chríostaí.
Iarraimid é seo in ainm Do Mhic,
a rialaíonn taobh leat agus leis an
Spiorad Naomh. Amen.



Ceisteanna

- An bhfuair tú tabhartas ó dhuine éigin riamh agus deacracht agat glacadh leis? Cad a rinne tú leis?
- Cad é a thógann d'eaglais ó thraidisiúin Chríostaí eile?
- Cad é a thógann d'eaglais ó dhaoine ó chreidimh eile agus ó dhaoine gan aon chreideamh?

Téigh agus Déan

(Tabhair cuairt ar ctbi.org.uk/goanddo i gcomhair a thuilleadh sonraí)

Ar scála domhanda: Faigh amach conas mar atá curtha ag flaithiúlacht eaglaisí éagsúla le pobail ar fud an domhain trí obair an Chúnaimh Chríostaí.

Ar scála áitúil: Faigh amach cad é a theastaíonn ó d'eaglais nó d'eaglaisí, agus déan do mhachnamh ar cé leis a d'fhéadfá dul i dteagmháil chun na riachtanais sin a chomhlíonadh.

Ar scála pearsanta: Cuir ceist ar dhuine éigin cabhair a thabhairt duit le riachtanas nó le tasc atá le críochnú agat.

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2020



Cóipeanna breise ar fáil ó:

Norwich Books and Music

Orduithe ar líne: +44 (0)1603 785925

Facs: +44 (0)1603 785915

orders@norwichbooksandmusic.co.uk

ar líne: <https://chbookshop.hymnsam.co.uk/>

ctbi.org.uk/weekofprayer

weekofprayer.org

Twitter: #wpcu2020

#wpcuwall

Foilsitheoiri:

Churches Together in Britain and Ireland

Interchurch House

35 Lower Marsh

London SE1 7RL

info@ctbi.org.uk,

Fón: +44 (0)20 3794 2288

Uimh. Charthanachta cláraithe. 1113299.

cuideachta faoi theorainn ráthaíochta,

Uimh. Charthanachta cláraithe. 5661787

